Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10370/17**

**DEVGEN 139**
**ONU 83**
**ENV 624**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Meitheamh 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10138/17 |
| Ábhar: | Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe<br>- Conclúidí ón gComhairle (20 Meitheamh 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais doChlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3552ú cruinniú a bhí aici ar an 20 Meitheamh 2017.

# Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe

**- Conclúidí ón gComhairle-**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

***An fhorbairt inbhuanaithe mar chuspóir uileghabhálach de chuid an Aontais***

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar a lárnaí atá an fhorbairt inbhuanaithe mar luach Eorpach agus mar chuspóir uileghabhálach de chuid an Aontais Eorpaigh faoi mar a leagtar amach sna Conarthaí;[1]

2. AITHNÍONN SÍ an fhreagracht atá ar an Aontas agus ar a Bhallstáit, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, clár oibre claochlaitheach a chur chun cinn don fhorbairt inbhuanaithe ar leibhéal na dtíortha, na réigiún agus an domhain, ar bhealach comhleanúnach, agus aghaidh a thabhairt ar leibhéal na dtíortha, na réigiún agus an domhain ar thionchar a gcuid gníomhaíochtaí ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe;

3. MEABHRAÍONN SÍ an ról ceannródaitheach a bhí ag an Aontas agus ag a chuid Ballstát sa phróiseas as ar tháinig "I mbun athraithe“ : Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe"[2] (Clár Oibre 2030) agus na 7 gcinn déag de spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhí ag gabháil leis, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí an Mheán Fómhair 2015;

4. AITHNÍONN SÍ gur den riachtanas é gach cineál bochtaineachta agus gach gné den bhochtaineacht, lena n-áirítear an dianbhochtaineacht, a dhíothú má táthar chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus chuige sin gur gá a bheith tiomanta do thrí ghné na forbartha inbhuanaithe, ar bhealach cothrom comhtháite, agus, ag an am céanna, gur gá tógáil ar ar baineadh amach le spriocanna forbartha na Mílaoise agus aghaidh a thabhairt freisin ar an méid nár baineadh amach fós leo agus AITHNÍONN SÍ gur de chineál uilíoch iad na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus gur athrú paraidíme iad;

---

[1] Airteagal 3(3) CAE agus Airteagal 21(2) CFAE.
[2] A/RES/70/1

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ lántiomantas an Aontais gona Bhallstáit don Chlár Oibre 2030 seo atá bunathraitheach agus uaillmhianach agus a thábhachtaí atá sé don Aontas gona Bhallstáit é a chur chun feidhme mar phlean gníomhaíochta do Dhaoine, don Phláinéad, don Rathúnas, don tSíocháin agus don Chomhpháirtíocht;

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a idirspleáiche atá dúshláin na hinbhuanaitheachta, agus a dhodhéanta atá sé dul i ngleic leo mura dtugtar aghaidh freisin ar na hidirnaisc idir na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar bhealach iomlánaíoch comhleanúnach, lena gcuirtear san áireamh gach ceann de thrí ghné na forbartha inbhuanaithe, ar gach leibhéal;

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thiomanta atá an tAontas gona Bhallstáit chun na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe a bhaint amach faoin mbliain 2030, ag áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus ag iarraidh teacht orthu siúd is faide ar gcúl i dtús; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go ndéanfadh gach gníomhaí iarracht níos mó chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus aird ar leith a thabhairt orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste, atá leochaileach agus atá i riocht imeallaithe, lena n-áirítear leanaí, daoine aosta, daoine faoi mhíchumas, daoine LGBTI agus pobail dhúchasacha; AITHNÍONN SÍ gur cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine óga, ar mhná agus ar chailíní mar ghníomhaithe don athrú; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go dtabharfaí aghaidh ar chineál uileghnéitheach na bochtaineachta agus na neamhionannas méadaitheach atá ann idir tíortha agus laistigh de thíortha, trí bhearta cuimsitheacha, leanúnacha, a bheadh idir inmheánach agus sheachtrach, agus deiseanna a chur ar fáil do gach duine lán a acmhainneachta a bhaint amach, anois agus do na glúine amach anseo;

8. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch ag brath ar acmhainní nádúrtha ár bpláinéid a bheith á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus gur bunsraith riachtanach í an bhithéagsúlacht i gcóras tacaíochta beatha an domhain a bhfuil ár leas féin ag brath air, anois agus amach anseo; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thromchúisí atá dúshlán an athraithe aeráide agus LEANANN DÁ TIOMANTAS aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin go hiomlánaíoch ar gach leibhéal; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a meáite atá sí a áirithiú go ndéanfar an pláinéad gona acmhainní nádúrtha a chosaint go fadtéarmach, lena n-áirítear trí athrú ón bhunathruithe a dhéanamh ar an gcaoi a dtáirgeann agus a n-ídíonn ár gcuid sochaithe earraí agus seirbhísí;

9. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an dea-rialachas, an smacht reachta, an daonlathas agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha mar réamhcheanglais le haghaidh sochaithe síochánta, cuimsitheacha; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcuirfidh an tAontas gona Bhallstáit cur chuige chun feidhme a bheidh bunaithe ar chearta, a mbeidh cearta uile an duine san áireamh ann, agus go gcuirfidh sé an chuimsitheacht agus an rannpháirtíocht, an neamh-idirdhealú, an comhionannas, an cothromas, an trédhearcacht agus an chuntasacht chun cinn ag an am céanna;

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a lárnaí atá an comhionannas inscne mar chuid de luachanna an Aontais agus go bhfuil sé cumhdaithe ina chreat dlíthiúil agus polaitiúil. Is den riachtanas é go ndéanfaí mná agus cailíní a chumhachtú agus go bhféadfaidís a gcearta daonna agus a mbunsaoirsí a fheidhmiú go hiomlán má táthar chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe uile a bhaint amach agus chun Chlár Oibre 2030 a chur i gcrích ina iomláine. LEAGANN SÍ BÉIM ar a bhunriachtanaí atá an comhionannas inscne chun an tsíocháin agus an tslándáil a bhaint amach, mar aon le dul chun cinn eacnamaíoch cothrom agus an fhorbairt inbhuanaithe. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart don Aontas gona Bhallstáit a áirithiú go ndéanfaí beartais a bheadh freagrúil i ndáil le hinscne, agus bunathraitheach, a fhorbairt agus a chur chun cinn chun cuidiú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach;

11. MEABHRAÍONN SÍ gur de chineál domhanda é Clár Oibre 2030, go bhfuil sé infheidhme go huilíoch agus go bhfuil sé bunaithe ar chomhpháirtíocht dhomhanda, úinéireacht náisiúnta agus freagracht chomhroinnte; tá sé á thacú le cur chuige cuimsitheach trína n-úsáidtear gach meán don chur chun feidhme mar a leagtar amach i gClár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa[3] maidir le Maoiniú don Fhorbairt, ar cuid dhílis é de Chlár Oibre 2013. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí a bheidh sé go gcuirfidh Ballstáit ar fad na Náisiún Aontaithe le chun chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe chun a acmhainn bunathraitheach a chur i gcrích, agus na leibhéil éagsúla forbartha náisiúnta agus cumais náisiúnta á gcur san áireamh, agus beartais agus tosaíochtaí náisiúnta á n-urramú;

---

[3] http://www.un.org/esa/ffd/ffd3/press-release/countries-reach-historic-agreement.html.

12. IARRANN SÍ go ndéanfaí Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite, cuimsitheach trína bhforbrófaí sinéirgí le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí agus gealltanais idirnáisiúnta eile; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur thaispeáin na gealltanais idirnáisiúnta iltaobhacha seo a riachtanaí atá sé go n-oibreodh Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna domhanda agus gur léiríodh freisin an cumas atá iontu é sin a dhéanamh; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh ord domhanda ann a bheadh bunaithe ar rialacha, a mbeadh an t-iltaobhachas mar bhunphrionsabal ann agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, ar mhaithe le domhan síochánta inbhuanaithe a bhaint amach;

13. AITHNÍONN SÍ gur deis dhearfa é don Aontas Eorpach Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach uaillmhianach. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé beartais uaillmhianacha a bheith ag an Aontas a bheadh ag freagairt do na dúshláin atá ag an Aontas Eorpach agus ag an saol sa lá atá inniu ann, agus gur deis iad na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun sochaí inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaint amach faoi 2030. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go gcomhlánfadh an tAontas Eorpach na hiarrachtaí cur chun feidhme arna ndéanamh ag na Ballstáit agus go ndíreofaí ar na beartais sin ina bhfuil luach breise aige;

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún "Na chéad chéimeanna eile le haghaidh todhchaí inbhuanaithe don Eoraip" an 22 Samhain 2016[4] mar chéad chéim chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a phríomhshruthú agus an fhorbairt inbhuanaithe a bheith ina bunphrionsabal riachtanach i ngach beartas de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí mheán a chuid ionstraimí maoiniúcháin, trína sholáthar, a chomhpháirtíochtaí gnó, agus trí uirlisí na rialála níos fearr a úsáid agus próiseas machnaimh a sheoladh i ndáil leis an tréimhse tar éis 2020;

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Straitéis Dhomhanda do Bheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, ina leagtar amach an fhís straitéiseach i ndáil le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus ina sainítear naisc shoiléire le Clár Oibre 2030; AITHNÍONN SÍ go bhfuil rathúnas an Aontais ag brath freisin ar chóras idirnáisiúnta eacnamaíochta, airgeadais agus trádála a bheith ann a bheadh oscailte cothrom agus rochtain inbhuanaithe chothrom a bheith ar earraí poiblí domhanda; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thrasearnálaí atá spriocanna forbartha inbhuanaithe sa Straitéis Dhomhanda;

---

[4] 14774/16 - COM(2016) 739 final + ADD 1.

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI glacadh an ráitis chomhpháirtigh i ndáil le Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt[5] - Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí agus CUIREANN SÍ i dTREIS go léirítear sa chomhdhearcadh sin múnla nua forbartha Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus iompú bunathraitheach sa chomhar don fhorbairt; Leis an gComhdhearcadh, MOLANN SÍ go gcuirfí fís roinnte ar fáil den chéad uair, agus go gcuirfí gcreat ar fáil do chur chuige coiteann maidir le beartas forbartha a chuirfidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit i bhfeidhm sa chaidreamh a bheidh acu leis na tíortha uile atá i mbun forbartha agus é mar aidhm gan éinne a fhágáil ar lár;

***Na chéad chéimeanna eile maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a bhaint amach ar leibhéal an Aontais***

17. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit an-tiomanta do Chlár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear na húdaráis fho-náisiúnta, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, na comhpháirtithe sóisialta agus an saol acadúil; CUIREANN SÍ i dTREIS go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit mar cheannródaithe i ndáil leis an méid sin;

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú aige, leanúint de chreat beartais an Aontais a stiúradh chun a áirithiú go mbeidh beartais de chuid an Aontais atá ann cheana agus beartais nua de chuid an Aontais i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus lena gcuspóirí; agus leis sin, go gcabhróidh sé leis an gcomhionannas do chách, le cearta an duine agus le dínit, le pláinéad folláin, acmhainneach, le sochaithe cothroma, cuimsitheacha, síochánta, acmhainneacha agus le geilleagair inbhuanaithe;

[5] 10108/17

19. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún sonraí a thabhairt faoi straitéis chur chun feidhme, faoi lár 2018, ina leagfar amach amlínte, cuspóirí agus bearta nithiúla le Clár Oibre 2030 a léiriú i mbeartais ábhartha inmheánacha agus seachtracha uile an Aontais, agus na tionchair dhomhanda a bhíonn ag gníomhaíochtaí intíre an Aontais á gcur san áireamh. Ba cheart an straitéis sin a bhunú ar fhís shoiléir maidir leis an mbealach ina gcabhróidh beartais ábhartha uile an Aontais le Clár Oibre 2030 a fhíorú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearnaí atá sna réimsí beartais ábhartha uile a aithint faoi lár 2018 chun go ndéanfar measúnú ar an obair eile a chaithfear a dhéanamh san Aontas go dtí 2030 ó thaobh beartas, reachtaíocht, struchtúr rialachais don chomhleanúnachas cothrománach agus bealaí cur chun feidhme de;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair a dhéanamh maidir le Clár Oibre 2030 agus maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a ghabhann leis a phríomhshruthú mar threoirphrionsabail sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar ionstraimí, ar uirlisí agus ar straitéisí tábhachtacha agus cothrománacha beartais, agus próiseas soiléir a shainiú le gur féidir measúnú a dhéanamh ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus ar chomhtháthú na spriocanna sin i mbeartais tar éis 2020, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí uile atá rannpháirteach sa phróiseas. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit Clár Oibre 2030 a chur san áireamh agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú ina n-iomláine sa phlé uile a dhéanfar faoi thodhchaí na hEorpa.

21. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht bhunúsach a bhaineann le comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe chun go mbainfí Clár Oibre comhtháite 2030 amach. Is spreagadh nua don Aontas agus do na Ballstáit é Clár Oibre 2030 chun beartais atá atreisitheach ar bhonn frithpháirteach a fhoirmliú agus a chur chun feidhme; AITHNÍONN SÍ go bhfuil comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt, lena n-éilítear go gcuirfí san áireamh cuspóirí an chomhair don fhorbairt sna beartais, ar dócha go mbeidh tionchar acu ar thíortha atá i mbéal forbartha, ríthábhachtach maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus go gcuirtear go mór leis sin le cuspóir níos leithne an chomhtháthaithe beartais ar mhaithe le forbairt agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá an tAontas agus na Ballstáit d'idirnaisc, do chomhtháthú agus do chomhleanúnachas a áirithiú idir na hearnálacha beartais éagsúla trí leas a bhaint as na sásraí atá ar fáil, amhail an bord um ghrinnscrúdú rialála, agus do choigeartú a dhéanamh ar na nithe sin nuair is gá sin chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le haistriú;

***Comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme***

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas d'iltaobhachas éifeachtach go háirithe faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe; DEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit ag obair leis na hil-geallsealbhóirí ábhartha uile, na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais san áireamh, chun go mbeidh an oiread comhleanúnachais agus is féidir ann agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme; CUIREANN SÍ i bhFÁTH go n-éilítear le cineál comhtháite Chlár Oibre 2030 go dtacófar le cur chun feidhme an chláir agus leis an obair leantach agus leis an athbhreithniú a dhéanfar air le córas de chuid na Náisiún Aontaithe a fheidhmeoidh ar bhealach níos comhtháite, agus a bheidh in ann réitigh sholúbtha agus éifeachtacha a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda na linne seo; IS DÍOL SÁSAIMH DI na céimeanna atá glactha ag na Náisiúin Aontaithe cheana maidir le hathchóiriú agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas agus ag na Ballstáit i ndáil leis sin; TÁ SÍ AG TNÚTH le agus TACAÍONN SÍ le cur chun feidhme éifeachtach tuilleadh athchóirithe de chuid na Náisiún Aontaithe, ar athchóirithe iad a bheidh níos cuimsitheach, lena n-áirítear na cinn a leagtar amach i Rún 2016 maidir leis an Athbhreithniú Beartais Cuimsitheach Ceathbhliantúil[6], ach gan a bheith teoranta dóibh siúd, a bhainfidh le roinnt gníomhaireachtaí agus lena n-áiritheofar go gcomhlánófar an obair a dhéantar i gcóras na Náisiún Aontaithe;

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI a thiomanta atá G-20 don phlean gníomhaíochta maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus do ghníomhaíochtaí nithiúla an chláir a dhéanamh níos feiceálaí;

24. MEABHRAÍONN SÍ freagracht chomhroinnte agus leas na ngeallsealbhóirí uile ó thaobh Chlár Oibre 2030 a chur chun feidhme, rialtais náisiúnta agus fonáisiúnta agus riaracháin phoiblí ar gach leibhéal, an earnáil phríobháideach agus infheisteoirí, na comhpháirtithe sóisialta, an comhphobal eolaíochta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta san áireamh;

---

[6] A/RES/71/243

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil páirt á glacadh ag gnólachtaí Eorpacha agus ag an saol acadúil, lena n-áirítear an comhphobal eolaíochta, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá acu maidir le réitigh a chur ar fáil don fhorbairt inbhuanaithe agus an t-idirphlé idir an eolaíocht agus beartais a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme, le hobair leantach agus le hathbhreithniú, agus maidir le cumarsáid agus faisnéis; LEAGANN SÍ béim ar a riachtanaí atá sé go nglacfadh an earnáil phríobháideach cuir chuige inbhuanaithe agus go dtabharfadh siad gealltanas maidir le hiompar freagrach gnó, go háirithe treoirlínte OECD d'fhiontair ilnáisiúnta agus prionsabail threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le gnó agus cearta an duine, agus ar a riachtanaí atá sé go rachfaí i mbun idirphlé shóisialta agus go gcuirfí idirphlé sóisialta chun cinn; Tá tábhacht faoi leith ag baint le forbairt slabhraí luacha inbhuanaithe domhanda chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe domhanda a bhaint amach; MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí uaithi maidir le slabhraí luacha domhanda atá freagrach[7], maidir le slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh[8] agus maidir le gnó agus cearta an duine[9] agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar chomhordú an Aontais i ndáil leis na hábhair sin;

26. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le feasacht shaoránaigh an Aontais, daoine óga go háirithe, agus an earnáil phríobháideach a mhúscailt maidir le hacmhainn bhunathraitheach Chlár Oibre 2030 agus le rannpháirtíocht an phobail, le freagracht agus le ceannaireacht pholaitiúil a ardú agus aghaidh á tabhairt ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar gach leibhéal, agus ag cur, ar an gcaoi sin, le saoránacht dhomhanda agus ag múscailt feasachta maidir le hacmhainn dhearfach bhunathraitheach na spriocanna forbartha inbhuanaithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí uaillmhianacha a dhéanamh maidir le cumarsáid agus le múscailt feasachta i ndáil leis an méid sin, ag tógail ar an tseachtain Eorpach don fhorbairt inbhuanaithe;

27. LEAGANN SÍ BÉIM ar an acmhainneacht a ghabhann le cur chuige ón mbun aníos maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030; Agus CUIREANN SÍ i dTREIS an ról atá ag beartas an Aontais maidir le teacht chun cinn tionscadail eiseamláireacha agus maidir le macasamhlú agus méadú na dtionscadal sin trí rannpháirtíocht il-geallsealbhóirí. IS DÍOL SÁSAIMH DI i ndáil leis an méid sin, cuir i gcás, an eiseamláir thar barr a cuireadh ar fáil leis an gclár oibre maidir le gníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide.

---

[7] 8833/16
[8] 10254/16
[9] 9381/17

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bhunaigh an Coimisiún ardán cuimsitheach d'il-geallsealbhóirí, atá comhdhéanta go cothrom agus ina bhfuil ról ag na Ballstáit; MOLANN SÍ don Choimisiún tógáil ar na próisis agus ar na líonraí atá ann cheana i ndáil leis an méid sin; CUIREANN SÍ IN IÚL go gcuirfear, leis an ardán, ar chumas na ngeallsealbhóirí uile a bheith páirteach i gcur chuige chur chun feidhme an Aontais i ndáil leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe trína ndea-chleachtais, a moltaí maidir le beartais, a smaointe agus a n-acmhainneacht nuálach a roinnt, agus beidh an t-ardán sin ina bhreis ar shaineolas na líonraí atá ann cheana maidir le forbairt inbhuanaithe agus ar shaineolas na sásraí maidir le piarfhoghlaim, amhail an líonra Eorpach um fhorbairt inbhuanaithe, chun malartú tuairimí agus dea-chleachtais a chothú agus a scaipeadh agus chun cur le comhleanúnachas ingearach na n-iarrachtaí cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát;

***Modhanna cur chun feidhme***

29. CUIREANN SÍ i dTREIS go mbeidh meascán éifeachtach de réimse iomlán acmhainní (airgeadas agus neamh-airgeadas, intíre agus idirnáisúnta, poiblí agus príobháideach) de dhíth chun go mbeifí in ann Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme sna réimsí beartais ábhartha uile; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfaí na cláir agus na hionstraimí faoi gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030;

30. I gcomhréir le clár oibre gníomhaíochta Addis Ababa agus le clár oibre 2030, BAINFIDH an tAontas agus na Ballstáit leas agus úsáid éifeachtach as na bealaí cur chun feidhme uile chun tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha i gcomhréir leis na gealltanais a thug siad lena n-áirítear gealltanais airgeadais, a luaitear sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt; Bainfear leas as airgeadas poiblí baile agus idirnáisiúnta, as an earnáil phríobháideach agus as an gcúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA), cuirfear timpeallachtaí beartais chumasúcháin chun cinn ar gach leibhéal, cuideofar le comhpháirtithe bainistiú fiachais agus bainistiú caiteachais phoiblí a threisiú, tabharfar athruithe chun críche tríd an trádáil agus infheistíocht san fhorbairt a spreagadh agus déanfar an eolaíocht, an teicneolaíocht, an nuálaíocht agus fothú acmhainní a chothú; CUIREANN SÍ I dTREIS cé go bhfuil an cúnamh oifigiúil um fhorbairt beag go cainníochtúil gur mórfhoinse mhaoinithe é do na tíortha is lú forbairt (LDC), do thíortha leochaileacha agus do thíortha a bhfuil coinbhleachtaí iontu agus go bhfuil ról tábhachtach aige go fóill ag comhlánú iarrachtaí na dtíortha uile atá i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainní eile.

31. MEABHRAÍONN SÍ go gcuireann roinnt beartas agus ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar bhealach cothrománach lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe lena dtugtar aghaidh ar éagothromaíochtaí idir réigiúin éagsúla san Aontas a laghdú;

32. Tá an trádáil ar cheann de na príomhghnéithe chun fás cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus is bealach fíor-riachtanach cur chun feidhme í le haghaidh Chlár Oibre 2030. Bhí an tAontas ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí a rinneadh chun leas a bhaint as an trádáil d'fhonn fás cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn - tá an margadh san Aontas ar an margadh is oscailte do thíortha atá i mbéal forbartha; Cuireann an tAontas ar bhealach gníomhach le forbairt agus le comhtháthú réigiúnach, lena bhféadfar cabhrú le tíortha chun feabhas a chur ar an iomaíochas sa mhargadh domhanda, chun dlús a chur le trádáil, le hinfheistíocht agus le soghluaisteacht agus chun cabhrú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht a chothú; CUIREANN SÍ I dTREIS go gceanglaíonn straitéis 'Trádáil do Chách' an Aontais, a glacadh tar éis chlár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, an tAontas le beartas trádála agus infheistíochta inbhuanaithe a bhfuil an fhorbairt inbhuainaithe mar chuid lárnach de gach gné de

33. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur moladh síneadh ama a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) atá ina dhlúthchuid den Phlean Infheistíochta don Eoraip a bhfuil sé mar aidhm aige leas a bhaint as leath-thrilliún euro d'infheistíochtaí ar a laghad faoi 2020; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go luaitear mar aidhm leis an togra ón gCoimisiún i dtaca le síneadh a chur le CEIS 2.0 go gcuirfidh 40% ar a laghad den mhaoiniú CEIS faoin Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta le gníomhú ar son na haeráide;

34. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh a moladh don phlean infheistíochta seachtraí (EIP) lena n-airítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (EFSD) lena spreagfar leas a bhaint as infheistíochtaí, go háirithe infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach, don fhorbairt inbhuanaithe agus mar sin lena dtabharfar aghaidh ar na bunchúiseanna leis an imirce mhírialta; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart don phlean infheistíochta seachtraí cúnamh teicniúil a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe chun méadú suntasach a chur ar infheistíochtaí i dtíortha atá i mbéal forbartha; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh infheistíochtaí inbhuanaithe a dtugtar tacaíocht dóibh a bheith i gcomhréir leis an athrú i dtreo geilleagar inbhuanaithe cuimsitheach atá slán ó thaobh an chomhshaoil de agus nár cheart go mbeadh an aeráid, an comhshaol ná cearta an duine thíos leis; MEABHRAÍONN SÍ an sprioc atá aici an plean infheistíochta seachtraí a chur chun feidhme le linn 2017;

***Obair leantach, faireachán agus athbhreithniú***

35. AITHNÍONN SÍ bunfhreagracht na mBallstát i dtaca le hobair leantach agus athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal naisiúnta, réigiúnach agus domhanda ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus LEAGANN SÍ BÉIM ATHUAIR ar ghealltanas na mBallstát go ndéanfaidís athbhreithniú cuimsitheach go rialta ar bhealach rannpháirteach ar an dul chun cinn a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta, i gcás inarb ábhartha;

36. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí agus atá sé go ndéanfaí obair leantach agus athbhreithniú críochnúil, córasach, éifeachtach, rannpháirteach, trédhearcach, comhtháite ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun an dul chun cinn agus buanna a baineadh amach a mheas agus chun freagracht a áirithiú; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún cabhrú leis an bhfaireachán, leis an tuairisciú agus leis an athbhreithniú a dhéanfar ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhthéacs an Aontais agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go gcomhlánódh athbhreithniú dá chineál sásraí athbhreithniúcháin atá ann cheana seachas iad a dhúbláil;

37. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach a bheidh ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta san obair leantach agus san athbhreithniú ar an gclár oibre 2030 ar an leibhéal domhanda mar fhóram don bhreithniú, an t-athbhreithniú, an comhphlé, an chomhfhoghlaim agus an t-idirphlé idir an eolaíocht agus beartais a threisiú. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá a áirithiú go ndéanfar tuairisciú go tráthrialta i gcomhthéacs an Fhóraim Ardleibhéil Polaitíochta, lena n-áirítear trí athbhreithnithe náisiúnta deonacha, ar dhul chun cinn an Aontais agus na mBallstát maidir le cur chun feidhme an chláir oibre 2030. Cabhróidh seo le freagracht a léiriú do na saoránaigh; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur chuir roinnt Ballstáit in iúl go ndéanfaidís cur i láthair náisiúnta don Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ullmhúchán a dhéanamh don chéad tuarascáil de chuid an Aontais maidir le cur chun feidhme náisiúnta agus idirnáisiúnta chlár oibre 2030 a thabharfaidh an tAontas uaidh ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta faoi 2019;

38. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil sonraí imdhealaithe tráthúil d'ardchaighdeán, ar féidir teacht orthu agus ar féidir brath orthu de dhíth ar an gclár oibre 2030 chun an dul chun cinn cothromasach sna trí réimse den fhorbairt inbhuanaithe a mheas ionas nach bhfágfar aon réimse ar deireadh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair a rinneadh ar leibhéal na Náisiún Aontaithe chun an creat táscairí domhanda a chríochnú; IARANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí agus faisnéis ó na sásraí tuairiscithe atá ann cheana féin a úsáid nuair is féidir, a áirithiú go ndéantar ailíniú i gcás inarb iomchuí le hobair na hidirghníomhaireachta agus an ghrúpa saineolaithe maidir leis na táscairí do na spriocanna forbartha inbhunaithe agus tacaíocht a thabhairt d'intomhaisteacht agus d'fhorbairt na dtáscairí do na spriocanna forbartha inbhuanaithe; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dúbláil ar an obair chéanna a sheachaint agus na creataí faireacháin faoi seach á bhforbairt; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le tíortha comhpháirtíochta i dtaca le sonraí a bhailiú agus a thuairisciú;

39. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán sonrach a dhéanamh go tráthrialta ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcás inarb ábhartha, mar aon le creat tagartha táscairí a fhorbairt chuige seo bunaithe ar na táscairí atá ann cheana agus ar na sonraí a chuir na Ballstáit, institiúidí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fáil agus measúnú cáilíochtúil ar an dul chun cinn a rinneadh a chur ar fáil freisin; agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit i gcás inarb iomchuí, an creat táscairí seo a úsáid chun an dul chun cinn a dhéantar agus treochtaí a mheas agus d'fhonn cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh;

40. GEALLANN SÍ go ndéanfar measúnú go tráthrialta ar thionchar chlár oibre 2030 sna réimsí beartais éagsúla a luaithe agus is féidir agus go n-aithneofar bearnaí sa chur chun feidhme agus an ghníomhaíocht is ceart a dhéanamh chun cur chun feidhme éifeachtach soiléir iomlán chlár oibre 2030 a áirithiú agus go ndéanfar an dul chun cinn i dtaca le clár oibre 2030 ar leibhéal an Aontais a bhreithniú ar leibhéal na Comhairle go rialta agus go dtabharfar treoir straitéiseach, mar is iomchuí.